

Acmhainní ar líne do Theagasc na Gaeilge* dírithe ar an Iarbhunleibhéal

*Tá an-chuid acmhainní éagsúla ar fáil do theagasc na Gaeilge. Níl anseo thíos ach roinnt samplaí

| Acmhainn/Féidearthachtaí | Cur síos | Nasc |
|-----------------------------|--|---|
| Scoilnet | Scoilnet Bunachar acmhainní do mhúinteoirí bunscoile agus iarbhunscoile. Cuireann foireann na Gaeilge PDST ábhair suas go rialta agus tá cnuasach de chosán foghlama (Learning Paths) ar fáil chomh maith. | www.scoilnet.ie www.pdst.ie/DistanceLearning/SourcesofInformation Cosán Foghlama PDST Gaeilge Físghabháil déanta ag an PDST |
| Cianfhoghlaim | PDST Distance Learning D'fhorbair foireann PDST Digital Technologies an leathanach seo chun tacú le scoileanna agus le múinteoirí atá i mbun cianfhoghlama d'fhonn leanúnachas a sholáthar do scoláirí sa bhaile. | www.pdst.ie/DistanceLearning Físghabháil déanta ag an PDST |
| Foghlaim Chumaisc | PDST Blended Learning D'fhorbair foireann PDST Digital Technologies an leathanach seo chun tacú le scoileanna agus le múinteoirí atá i mbun Foghlaim chumaisc d'fhonn leanúnachas a sholáthar do scoláirí ar scoil agus sa bhaile. Tá cuir síos ar an dá shamhail is coitianta in Éirinn, Samhail na malairte foghlama agus an tsamhail shaibhrithe fhíorúil. Foirm Ghaeilge den suíomh ar fáil. | www.pdst.ie/blendedlearning Foirm Ghaeilge den suíomh |
| Eagraíochtaí Gaeilge | COGG Réimse leathan acmhainní do theagasc na Gaeilge ar fáil ar an suíomh do scoileanna Gaeltachta agus do scoileanna lán-Ghaeilge. Tá feidhmeanna maidir le múineadh na Gaeilge i scoileanna eile na tíre ag an gComhairle chomh maith. | www.cogg.ie Bunachar Áiseanna COGG Áiseanna Teagaisc ar líne Físeáin Eolaíochta ar shuíomh COGG Físeáin Tíreolaíochta ar shuíomh COGG Físeáin Ealaíne ar shuíomh COGG |
| | Gaelbhrtach Scéim spreagtha Gaeilge do scoileanna. Comórtais éagsúla. | www.gael-linn.ie Físghabháil déanta ag an PDST |
| | Conradh na Gaeilge Níos mó ná 200 craobh ag an gConradh agus na baill ag saothrú chun úsáid na teanga a chur chun cinn ina gceantar féin. I measc na n-imeachtaí a eagraíonn siad tá Seachtain na Gaeilge le Energia; Is iad a chuireann PEIG.ie , lárphointe eolais don Ghaeilge ar fáil. Tá An Siopa Leabhar faoina gcúram agus tugann siad tacaíocht do Raidió Rí-Rá. | http://www.cnag.ie/ Cultúr Club |

| Acmhainn/Féidearthachtaí | Cur síos | Nasc |
|---------------------------|---|--|
| Acmhainní Teagaisc | <p>TEG Tá scrúduithe TEG á ndéanamh ag daltaí meánscoile i scoileanna timpeall na tíre le roinnt blianta anuas. Ábhar teagaisc don mhúinteoir, bileog oibre don scoláire, script agus fuaimrianta ar cheithre leibhéal chumais. Tá córas scrúdaithe TEG oiriúnach do:</p> <ul style="list-style-type: none"> • dhaltaí san idirbhliain • dhaltaí sa 5ú/6ú bliain atá ag ullmhú do scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta | <p>www.teg.ie Ábhar teagaisc</p> <p>Físghabháil déanta ag an PDST</p> |
| | <p>Ceacht.ie Ábhar foghlama agus teagaisc atá nua-aimseartha agus dúshlánach curtha ar fáil do mhúinteoirí Gaeilge i scoileanna Gaeltachta agus i nGaelscoileanna</p> | <p>www.ceacht.ie</p> <p>Físghabháil déanta ag an PDST</p> |
| | <p>Taithí Oibre - Céim chun tosaigh: Pacáiste gairmthreorach do dhaltaí scoile atá sa tsraith shinsearach ag an dara leibhéal. San fhíseán seo pléitear líon agus éagsúlacht na bpost atá ann le Gaeilge i réimsí éagsúla oibre; sna healaíona, sna meáin chumarsáide, sna teangacha, sa dlí agus i gcúrsaí gnó. Labhraíonn ceannródaithe atá i mbarr a ngairmréime linn agus tugtar leideanna maidir leis na bealaí is fearr gairm bheatha fhiúntach thaitneamhach a bhaint amach in Éirinn agus thar sáile.</p> | <p>www.gaelport.com</p> <p>Céim chun Tosaigh ar Youtube</p> <p>PDF den Leabhrán Céim chun Tosaigh</p> <p>Físghabháil déanta ag an PDST</p> |
| | <p>Songs in Irish - Cartlann Amhráin na Gaeilge Os cionn 600 amhrán Gaeilge sa bhunachar. Aistriúchán Béarla le gach amhrán agus físeán YouTube chun cabhrú leat leanúint ar aghaidh. Cuirtear cordaí giotáir ar fáil nuair is féidir. Tá rogha leathan d’amhráin sean-nós, amhráin pop i nGaeilge, bailéid Éireannacha agus amhráin do pháistí a d’fhoghlaim muid ar scoil! Is bealach an-taitneamhach agus spraúil é seo chun Gaeilge a fhoghlaim agus na scoláirí a chur ar an eolas faoi na hamhráin áille traidisiúnta Éireannacha seo.</p> | <p>https://songsinirish.com/</p> <p>Físghabháil déanta ag an PDST</p> |

**Ábhar tionscadail/
Oidhreacht**
Dúchas.ie

Tionscadal digitithe Chnuasach Bhéaloideas Éireann. Tá ábhar as [Bailiúchán na Scol](#) ar fáil anseo anois. Seo acmhainn iontach do scoláirí ag iarraidh taighde a dhéanamh ar an gceantar. Gach seans go bhfuil obair sheantuismitheoirí na scoláirí le fáil sa bhailiúcháin..

www.duchas.ie

Ask about Ireland

Neart ábhar ar fáil don Ghaeilge ar an suíomh seo . – **An Cultúr Gaelach**; Prós; Filíocht; scéalta béaloidis; amhráin thraidisiúnta agus éiceolaíocht

[eLeabhar ar Ask about Ireland](#)
[Cleachtadh ar an Seanchló](#)
[Bleachtair Éiceolaíochta](#)

Logainm.ie

Bunachar Logainmneacha na hÉireann, Acmhainní iontacha don oideachas san áireamh agus an-úsáideach mar thogra don idirbhliain.

www.logainm.ie

[Físghabháil déanta ag an PDST](#)

ainm.ie

An Bunachar Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge. Cuntas ar bheatha 1,768 duine atá sa suíomh seo. Is daoine iad uile a raibh baint acu le saol na Gaeilge ó 1560 go dtí ár linn féin.

<https://www.ainm.ie/>

[Físghabháil déanta ag an PDST](#)

epa.ie

Tá suíomh idirlín ghníomhaireacht um chaomhnú comhshaoil ar fáil i nGaeilge le eolas faoin EPA agus acmhainní do dhaltáí bunscoile agus do dhaltáí iarbhunscoile.

<https://www.epa.ie/gaeilge/>

Parlaimint na hEorpa

Tá eolas iontach ar fáil ar an suíomh seo faoi thíortha na hEorpa. Tá sé briste síos i dtrí chuid: I mo réigiún, 1500 nóta ar réigiúin agus cathracha AE; I mo shaol, 500 nóta ar Shaoránaigh agus ar grúpaí sóisialta, briste síos de réir topaice; I bhfócas, 25 páipéar maidir le beartais AE. Acmhainn iontach don scoláire i mbun taighde


[Na nithe a dhéanann an AE dom - I mo shaol](#)

[Na nithe a dhéanann an AE dom - I mo réigiún](#)

[Na nithe a dhéanann an AE dom - I bhfócas](#)

[Físghabháil déanta ag an PDST](#)

| Acmhainn/Féidearthachtaí | Cur síos | Nasc |
|--------------------------|--|--|
| Léitheoireacht | Nós.ie Tugann NÓS léargas beoga Gaelach ar an saol thart orainn. Tá na hailt eagraithe faoi na téamaí seo - Cultúr, Teicneolaíocht, Saol, Meáin, Taisteal, Gníomhaíochas agus físeáin NÓS | www.nos.ie Físghabháil déanta ag an PDST |
| | Vifax Fís agus ceachtanna don fhoghlaimoir Gaeilge. Mír nuachta ó Nuacht TG4 le bileoga oibre ar leibhéil éagsúla ag dul leis. Réamhobair fhoclóra, ceisteanna, gníomhaíochtaí rang, téipscript nuachta san áireamh. Cuardach de réir téama/topaic ar fáil | Vifax Físghabháil déanta ag an PDST |
| | Beatha le bua Is sraith de bheathaisnéisí gairide ar dhaoine cáiliúla an domhain í seo ina bhfuil béim ar leith ar laochra na hÉireann. Scríobhadh iad le daltaí a spreagadh le bheith ag léamh go neamhspleách. Tá breis agus 80 leabhrán sa tsraith, chomh maith le roinnt leabhair shaothair. | Beatha le Bua Beatha le Bua - Leabhar Saothar Leabhar labhartha Northern Ireland Curriculum Físghabháil déanta ag an PDST |
| Scríbhneoireacht | Snas ar Scéal Cuidíonn an t-ábhar seo le daltaí a gcuid Gaeilge a shaibhriú don scríbhneoireacht. Dírithe ar dhaltaí bunscoile, ach úsáideach do dhaltaí de gach aois. | Snas ar Scéal ó NI Curriculum |
| | Abair, Pléigh agus Scríobh Cárta le n-úsáid le ceathrar scoláire. Cártaí rólghlacadh, briathra coitianta i dtrí aimsir, foclóir bainteach le litríocht agus scannánaíocht, i ndathanna a dtagann leis an Mata Gramadaí . Foclóir díospóireachta chun tuairim a chur in iúl | Scoilnet |
| Éisteacht | Podchraoltaí i nGaeilge. Meascán de Phodchraoltaí ar fáil ar líne. Cúpla ceann luaite ar dheis mar shampla. Tá podchraoltaí ar fáil ag na stáisiúin raidió. Ní mór gach deis éisteachta a thapú! | Podchraoltaí ar PEIG.ie Bitesize Irish Gaelic podcast Blúiríní Béaloidis Raidió na Life An Spota dubh Raidió na Gaeltachta Blas BBC Ulster |
| | Abair.ie Curtha le chéile ag TCD, is féidir téacs a chló nó a chóipeáil isteach sa bhosca agus déantar sintéis de i dtrí chanúint. Tá an téipscript de na scrúduithe stáit ar fáil ar examination.ie sa scéim | www.abair.ie |

| | | |
|---------------------------------|--|---|
| | mharcála. Is féidir an téacs a chur isteach agus éisteach leis i dtrí chanúint, líne ar líne agus ar luasanna éagsúla. | |
| Labhairt | TG4 Foghlaim Is acmhainn oideachais chlosamhairc é <i>TG4 Foghlaim</i> atá curtha in oiriúint do riachtanais dhaltai iarbhunscoile agus iad ag ullmhú do Bhéaltriail Ghaeilge na hArdteistiméireachta, ach is féidir le foghlaimeoirí ag leibhéal ar bith an t-ábhar a úsáid lena gcuid scileanna teanga a fhorbairt. | www.tg4foghlaimeoiri.ie Físghabháil déanta ag an PDST |
| | Cuireadh chun cainte Treoir phraiticiúil ó Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge agus ó Chomhar na Múinteoirí Gaeilge atá sa chlár ‘Cuireadh Chun Cainte,’ atá curtha i láthair ag Marcus Lamb, dóibh siúd a bheidh ag tabhairt faoi Bhéaltriail Ghaeilge na hArdteistiméireachta ó 2012 ar aghaidh. | http://www.gaelport.com/cuireadhchuncainte Físghabháil déanta ag an PDST |
| | Vocaroo Acmhainn ar líne nó i bhfoirm App gur féidir taifead a dhéanamh ar do ghuth féin agus ansin é a roinnt le daoine eile. Iontach chun obair bhaile labhartha a thabhairt do na scoláirí. Iontach chomh maith má tá scoláirí ag iarraidh nótaí/línte ó dhán srl a thaifead agus éisteach siar leis mar chuid de chlár staidéir. | https://vocaroo.com/ |
| Acmhainn/Féidearthachtaí | Cur síos | Nasc  |
| Litríocht | TG4 Foghlaim Is acmhainn oideachais chlosamhairc é <i>TG4 Foghlaim</i> atá curtha in oiriúint do riachtanais dhaltai iarbhunscoile agus iad ag ullmhú do Litríocht na hArdteistiméireachta, ach is féidir le foghlaimeoirí ag leibhéal ar bith an t-ábhar a úsáid lena gcuid scileanna teanga a fhorbairt. | www.tg4foghlaimeoiri.ie Físghabháil déanta ag an PDST |
| | Lyrikline Bunachar filíochta. Is féidir éisteach le dánta ar an suíomh seo agus tugtar búiríní eolais faoi chúlra na bhfilí. Chomh maith le dánta dílse (scríofa i nGaeilge ar dtús), tá cnuasach de dhánta a aistríodh go Gaeilge ó theangacha eile. | https://www.lyrikline.org Filí Gaeilge Dánta aistrithe go Gaeilge ó theangacha eile |
| | IFI (Gearrscannánaíocht) Chuir Institiúid Scannán na hÉireann i gcomhpháirt le Bord Scannánaíochta na hÉireann na scannáin seo ar fáil do phobal na hÉireann. Tá treoirleabhar staidéir eiseithe ag Institiúid Scannán na hÉireann chun cabhrú le múinteoirí agus daltaí staidéar a dhéanamh ar na scannáin. | https://ifi.ie/gearrscannain Treoirleabhar staidéir : |

| | | |
|--------------------------------------|--|---|
| | <p>Portráidí Cnuasach beo portráidí de scríbhneoirí comhaimseartha na Gaeilge bunaithe ar shaothar ceannródaíoch Mháire Uí Mhaicín. Tá 148 scríbhneoir sa chartlann reatha agus beifear ag cur leis seo de réir a chéile</p> | <p>https://portraidí.ie/</p> |
| | <p>Doegen.ie Cartlann de thaifeadtaí fuaimne i gcanúintí na Gaeilge a rinneadh le linn 1928-31. Tá scéalta béaloidis, amhráin agus ábhar eile a rinne cainteoirí dúchais Gaeilge as 17 gcontae. Is féidir brabhsáil de réir contaetha, de réir cainteoirí nó de réir theidil na dtaifeadtaí trí úsáid a bhaint as na naisc ar clé, nó trí chliceáil ar chontae ar an léarscáil.</p> | <p>https://doegen.ie/</p> |
| <p>Acmhainn/Féidearthachtaí</p> | <p>Cur síos</p> | <p>Nasc </p> |
| <p>Gramadach/ Foclóir</p> | <p>Gaelchultúr-Fís agus Foghlaim Sraith físeán atá in “Fís agus Foghlaim” a bhfuil sé mar sprioc léi foghlaim na gramadaí a dhéanamh i bhfad níos éasca agus i bhfad níos spraiúla. Suas le 50 físeáin, thart ar 3 nóiméad ar fhad. Díritear na físeáin ar chuid de na rialacha gramadaí is lárnaí agus is tábhachtaí.</p> | <p>Físeáin Ghramadaí: Fís agus Foghlaim (Gaelchultúr) Físghabháil déanta ag an PDST</p> |
| | <p>Teanglann.ie Is acmhainn é Teanglann.ie ina bhfuil Foclóir Gaeilge- Béarla, Foclóir Béarla-Gaeilge, Foclóir Gaeilge-Gaeilge, Bunachar gramadaí agus bunachar foghraíochta a chuireann ar chumas an úsáideora teacht go héasca ar an eolas cuí a bhaineann le focail Ghaeilge.</p> | <p>Ríomhfhoclóir: www.teanglann.ie https://www.teanglann.ie/ga/gram/ https://www.teanglann.ie/ga/fuaim/</p> |
| | <p>Tearma.ie Bunachar téarmaíochta Náisiúnta le 185,000 iontráil dhátheangach ar fáil.</p> | <p>www.tearma.ie</p> |
| | <p>Foclóir.ie Foclóir ar fáil saor in aisce agus in oiriúint do ríomhairí deisce agus do ghléasanna móibíleacha araon. Tá eolas gramadaí agus comhaid fuaimne ag dul leis an ábhar Gaeilge san fhoclóir.</p> | <p>www.focloir.ie</p> |
| | <p>Acmhainn.ie Foclóirí agus liostaí téarmaíochta, téacsanna faoi cheird an aistriúcháin, agus taisce de théacsanna Gaeilge. Tá fóram ann freisin inar féidir ceisteanna agus comhairle a chur ar a chéile faoi ghnéithe den teanga</p> | <p>http://www.acmhainn.ie/</p> |

| | | |
|--|---|--|
| Canúintí | <p>Abair.ie Curtha le chéile ag TCD, is féidir téacs a chló nó a chóipeáil isteach sa bhosca agus déantar sintéis de i dtrí chanúint. Tá an téipscrip de na scrúduithe stáit ar fáil ar examination.ie sa scéim mharcála. Is féidir an téacs a chur isteach agus éisteach leis i dtrí chanúint agus ar luasanna éagsúla.</p> | www.abair.ie |
| | <p>Teanglann.ie - Bunachar foghraíochta Sa Bhunachar Foghraíochta tá comhaid fuaime ar fáil inar féidir focail a chloisteáil i ngach ceann de na trí mhórchanúint: canúint Chonnacht, canúint Uladh agus canúint na Mumhan. Cainteoirí dúchais as na ceantair chuí atá ag guthú na bhfocal.</p> | https://www.teanglann.ie/ga/fuaim/ |
| Acmhainn/Féidearthachtaí | Cur síos | Nasc  |
| Measúnú chun Foghlama agus Acmhainní idirghníomhaíochta | <p>Mentimeter Acmhainn idirghníomhach inar féidir ionchur fíor- ama a fháil ó na scoláirí nó comhghleacaithe.</p> | www.mentimeter.com don mhúinteoir www.menti.com don scoláire (nó don té atá ag caitheamh vóta Rogha a chur in iúl |
| | <p>Kahoot Acmhainn idirghníomhach inar féidir cluichí a chruthú agus a imirt ar líne i bhfoireann nó mar imreoir aonair.</p> | Kahoot.com/study Kahoot.it Físeáin dhea-chleachtais ar DLPlanning.ie |
| | <p>Classroom Screen Acmhainn ríomhaire le n-úsáid sa seomra ranga le huirlisí Mheasúnú chun Foghlama, Soilse tráchta, ainm ón aer, cloigín srl. Is féidir an Teanga a aistriú go Gaeilge le go mbeadh Gaeilge amháin ar thaispeáint.</p> | https://classroomscreen.com/ Físghabháil déanta ag an PDST |
| Íomhánna, ceol agus cúrsaí cóipchirt | Is éard is cóipcheart ann ná úsáid ceart a bhaineann go huathoibríoch le cruthaitheoir bunsaothair – saothar liteartha, amhrán, scannán, íomhá nó bogearra. Nuair atá ábhar á chruthú, nó nuair atáthar ag moladh do scoláirí é a dhéanamh, tá sé tábhachtach cloí le cóipcheart. Is ceart polasaithe maidir le cóipcheart agus foilsíú a chuimsiú i bpolasaí úsáide inghlactha na scoile. Ní mór seiceáil nach mbeidh costas ag baint le híomhá srl a úsáid. | www.pdst.ie/blendedlearning |